C/2026/4076

24.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12451 — KHAZNA / ENI / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4076)

1. An 14 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Khazna Data Center Holdings Limited ('Khazna', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), atá faoi rialú deiridh Group 42 Holding Ltd (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Eni S.p.A. ('Eni', an Iodáil).

Gheobhaidh Khazna agus Eni comhrialú ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna sa chomhfhiontar.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Khazna: forbróir agus oibreoir lárionad sonraí, a dhéanann speisialtóireacht i ndearadh, tógáil agus bainistiú saoráidí lárionaid sonraí atá gníomhach go príomha in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha,

— Eni: tá Eni gníomhach ar fud an domhain i dtaiscéalaíocht, táirgeadh, scagadh agus margú ola agus gáis nádúrtha, agus i nginiúint agus díol leictreachais agus san aistriú i dtreo réitigh mhalartacha fuinnimh.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an chomhfhiontair lárionaid sonraí a thógáil, a bhainistiú agus a oibriú agus seirbhísí lárionaid sonraí mórdhíola a sholáthar san Iodáil.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12451 — KHAZNA / ENI / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË